CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1602 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2023

maidir leis an líonra príomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 220a (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a ghlac an tAontas i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, bunaíodh líonra príomhdhéileálaithe le Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún ([2]) chun feidhmiú mar líonra cáilithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar a n-iarrann an Coimisiún urrúis fiachais a láithriú go príomhúil, na láithriúcháin sin a chur chun cinn agus, de réir mar a bheidh an cás, seirbhísí airgeadais ábhartha a sholáthar, amhail comhairle margaidh chóir agus faisnéis a sholáthar.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 220a de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ([3]), ba cheart don Choimisiún iasachtaí a údaraítear faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ([4]) ón gComhairle agus, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a dhéanamh chun cláir cúnaimh airgeadais a chistiú faoi straitéis chistiúcháin éagsúlaithe. Is modh ginearálta iasachtaíochta é straitéis chistiúcháin éagsúlaithe lena gceadaítear solúbthacht maidir le huainiú agus aibíocht na n-idirbheart cistiúcháin aonair agus maidir le heisíocaíochtaí rialta seasta le tairbhithe.

(3) Tar éis 2 bhliain d'fheidhmiú líonra na bpríomhdhéileálaithe, beidh gá le roinnt feabhsuithe go háirithe maidir leis na próisis fógraí a chuireann na príomhdhéileálaithe ar fáil, agus maidir le príomhdhéileálaí a fhionraí nó a eisiamh ón líonra.

(4) Téitear ar iontaoibh na margaí caipitil ar scála mór, agus déantar eisiúintí go han-mhinic. Mar thoradh air sin, ba cheart eagrú na n-oibríochtaí cistithe a bheith solúbtha.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 131, 16.4.2021, lch. 170).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta (IO L 319, 13.12.2022, lch. 1).

([4]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

(5) Na príomhdhéileálaithe a ligtear isteach sa líonra, tá siad i dteideal páirt a ghlacadh i gceantanna a dhéanann an Coimisiún chun iasachtaí a fháil ar mhargaí caipitil. Cuireann an sainmhíniú ar na critéir incháilitheachta leis an taithí atá ag an gCoimisiún institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a roghnú faoi chláir cúnaimh airgeadais atá ann cheana. Baintear leas freisin as dea-chleachtas eisitheoirí ceannasacha agus fornáisiúnta.

(6) Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus do ghnólachtaí infheistíochta a bheith i dteideal a bheith ina gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Is é is aidhm do na critéir sin feidhmíocht éifeachtúil fheidhm na bpríomhdhéileálaithe a ráthú, go háirithe oibríochtaí margaidh a dhéanamh go hinniúil agus gealltanais frithgheallta a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go léireoidh príomhdhéileálaithe incháilithe struchtúr láidir eagraíochtúil, inniúlacht ghairmiúil agus bainistíochta, gníomhaíocht mhór sa mhargadh maidir le heisiúint bannaí ceannasacha agus fornáisiúnta a fhrithghealladh, agus comhlíonadh an chreata rialála ábhartha, go háirithe maidir le ceanglais ([5]) stuamachta an Aontais agus maoirseacht ([6]) orthu. I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta, ba cheart na critéir sin agus na cinntí lena nglactar le hinstitiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta mar phríomhdhéileálaí a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Mar gheall ar chomhaltas i líonraí príomhdhéileálaithe arna n-oibriú ag Ballstát nó ag eisitheoir fornáisiúnta, tá an institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta i dteideal a bheith rannpháirteach i gceantanna fiachais phoiblí an eisitheora sin. Léiriú iontaofa ar thaithí in oibríochtaí bainistíochta fiachais phoiblí atá i rannpháirtíocht rialta ghníomhach i nósanna imeachta ceantála ceannasacha nó fornáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart incháilitheacht le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais a bheith faoin gcoinníoll go mbeadh ar a laghad Ballstát amháin nó líonra príomhdhéileálaithe nó sásra príomhdhéileála an eisitheora fhornáisiúnta Eorpaigh ina chomhalta de.

(8) A luaithe a ligtear isteach iad ar líonra na bpríomhdhéileálaithe, ba cheart cead a bheith ag príomhdhéileálaithe an teideal 'Comhalta de Líonra Príomh-Dhéileálaithe an Aontais Eorpaigh' a bheith orthu agus páirt a ghlacadh i ngach ceant ar urrúis fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom. Ba cheart do na déileálaithe sin íosmheán ualaithe de na méideanna arna gceantáil a cheannach agus oibleagáidí tuairiscithe áirithe a chomhlíonadh.

(9) Ba cheart do na príomhdhéileálaithe cloí freisin leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear rannpháirtíocht i líonra na bpríomhdhéileálaithe, go háirithe cearta, gealltanais agus oibleagáidí na gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe, an t-athbhreithniú bliantúil, oibleagáidí tuairiscithe, chomh maith le rialacha maidir le rialuithe, le fionraí comhaltais, le heisiamh agus leis an bhféidearthacht tarraingt siar ó líonra na bpríomhdhéileálaithe.

(10) Sa bhreis ar cheantanna, eisítear urrúis fiachais faoi na cláir iasachtaíochta trí shindeacáitiú nó láithrithe príobháideacha. Chuige sin, is é an Coimisiún a cheapann na hinstitiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann ceanglais incháilitheachta arna mbunú le haghaidh idirbhearta sindeacáite agus láithrithe príobháideacha chun críoch gach idirbhirt iasachtaíochta.

(11) Comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe, a cheannaíonn meánchéatadán ualaithe níos airde de na méideanna arna gceantáil ná mar a cheanglaítear le bheith ina gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe agus a choinníonn sciar tánaisteach leordhóthanach den mhargadh acu in urrúis fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom, agus a chomhlíonann íoscheanglais na socruithe luachana, ba cheart dóibh a bheith incháilithe le bheith ina bpríomhbhainisteoirí in idirbhearta sindeacáite. Ba cheart don ghrúpa déileálaithe sin é a ghabháil air féin leachtacht urrús fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom a chur chun cinn trí ghníomhaíocht cruthaithe margaidh bhreise, comhairle chothrom agus faisnéis mhargaidh a sholáthar don Choimisiún agus an tAontas agus eisiúintí Euratom a chur chun cinn le hinfheisteoirí.

([5]) Féach, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([6]) Féach, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta ainmnithe (Creat-Rialachán SAM) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1) agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

(12) Ba cheart na cúraimí a bhaineann le róil an phríomhbhainisteora agus an chomh-phríomhbhainisteora a mheas mar sheirbhísí airgeadais dá dtagraítear i gCaibidil 1, Roinn 2, pointe 11.1, pointe (j), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Ceapadh príomhdhéileálaithe incháilithe ina gcomhaltaí den tsindeacáit le haghaidh idirbheart eisiúna sonrach, ba cheart, dá bhrí sin, é a bheith bunaithe ar nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Ba cheart seoladh iarrata ar thograí chuig déileálaithe incháilithe agus meastóireacht ar na tograí a fhaigheann an Coimisiún a bheith san áireamh sa nós imeachta um cheapadh príomhbhanaisteoirí.

(13) Agus an ardmhinicíocht á cur san áireamh lena meastar a bhainfidh an Coimisiún leas as na margaí caipitil, is gá sásra rianúil tapa éifeachtúil a bhunú chun bainc a cheapadh mar phríomhbhainisteoirí le haghaidh idirbhearta sindeacáite. Is gá, dá bhrí sin, bonn cothrom trédhearcach a chur ar fáil chun an iarraidh ar thograí a theorannú d'fhothacar de na príomhdhéileálaithe atá incháilithe le páirt a ghlacadh i sindeacáití. Tá gá leis an roghnú breise sin chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le hiomaíocht sa nós imeachta soláthair maidir le seirbhísí chun tacú leis an tsindeacáit agus an gá atá le hidirbhearta atá íogair ó thaobh ama de a ullmhú go héifeachtúil, agus chun dúbláil a sheachaint in iarracht na bpríomhdhéileálaithe i leith tairiscintí ar shainorduithe sindeacáite. Ba cheart roghnú na mbanc sin a bheith bunaithe ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla, a bhaineann le cumas cruthaithe na bpríomhdhéileálaithe incháilithe tacú le heisiúint cheannasach agus fhornáisiúnta i mbunmhargaí agus i margaí tánaisteacha, agus a gcumas urrúis fiachais a dháileadh ar infheisteoirí. Leis an bpróiseas sin, ba cheart sásra uainíochta a chur ar fáil freisin lena n-áiritheofaí go mbeadh deis chothrom ar rannpháirtíocht thar gach príomhdhéileálaí incháilithe.

(14) Ba cheart do phríomhdhéileálaithe fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon chás de neamhchomhlíonadh cleachtas margaidh agus eitice, lena n-áirítear fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon imeacht, breithiúnas, cinneadh nó smachtbhanna a bhaineann le forálacha ábhartha Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a bhaineann leis an gcóras luathbhraite agus eisiaimh, go háirithe Airteagail 135 go 142 de. Níor cheart baint a bheith ag na fógraí sin ach le príomhdhéileálaithe iad féin agus lena máthaireintitis. Ba cheart fógra den sórt sin a bheith gan dochar don oibleagáid atá ar phríomhdhéileálaithe an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar na cásanna mar a dearbhaíodh le linn an phróisis iarratais.

(15) Chun foráil a dhéanamh maidir le leachtacht mhargaidh thánaistigh níos mó in urrúis fiachais an Aontais agus Euratom, agus chun praghas-aimsiú agus trédhearcacht a fheabhsú, is iomchuí socrú luachana a thabhairt isteach lenar cheart príomhdhéileálaithe a spreagadh chun gníomhú mar chruthaitheoirí margaidh agus chun urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a lua ar ardáin leictreonacha aitheanta. Ba cheart dreasachtaí iomchuí a thabhairt do chomhaltaí an líonra príomhdhéileálaithe chun gabháil do ghníomhaíochtaí cruthaithe margaidh den sórt sin. Chuige sin, is iomchuí na critéir a leagan síos chun an socrú luachana a chomhlíonadh.

(16) Chun dreasachtaí breise a chur ar fáil do na príomhdhéileálaithe uile chun dul i mbun gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh, is iomchuí rochtain níos simplí ar na comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite a chur ar fáil freisin do na príomhdhéileálaithe sin a thacaíonn le leachtacht thánaisteach an mhargaidh in urrúis fiachais an Aontais agus Euratom agus a chomhlíonann critéir íosta an tsocraithe luachana, ach nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta chun bheith ina bpríomhbhainisteoirí le haghaidh idirbhearta sindeacáite. Le rochtain den sórt sin ar chomh-phríomhshainorduithe, bheadh an Coimisiún in ann dreasachtaí breise a chur ar fáil do raon níos leithne comhaltaí líonra príomhdhéileálaithe, a dhéanann bearta chun tacú le heisiúint fiachais an Aontais agus Euratom. Dá bhrí sin, ba cheart na critéir incháilitheachta a chruthú maidir le comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar chomh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbheart amháin ar a laghad laistigh den tréimhse a chumhdaítear le plean cistiúcháin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún ([7]).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L 328, 22.12.2022, lch. 109).

(17) Is iomchuí gealltanais a bhaineann le príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe a shainiú agus a idirdhealú go soiléir agus na comhchritéir incháilitheachta a dhéanamh comhréireach le tairbhí an róil. Chuige sin, féadfar comh-phríomhshainorduithe a bhronnadh freisin ar phríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha ach ní fhéadfaidh siad gach gealltanas breise a dhéanamh a bhfuil gá leo chun príomhshainordú a fháil. Ba cheart cuireadh a thabhairt do gach príomhdhéileálaí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta maidir le comh-shainorduithe a bheith rannpháirteach mar chomh-shainorduithe in idirbheart sindeacáite, ach amháin i gcásanna ina n-áiritheofaí éifeachtúlacht oibríochtúil níos fearr le fothacar comh-shainorduithe incháilithe. I gcásanna den sórt sin, ba cheart na comh-shainorduithe incháilithe a roghnú ar bhonn ord aibítre le sásra uainíochta.

(18) Chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a fheabhsú tuilleadh, ba cheart próisis fionraíochta agus eisiaimh do phríomhdhéileálaithe a bheith soiléir agus éifeachtúil. Tá sé tábhachtach a áirithiú, i gcásanna inar gá príomhdhéileálaí a chur ar fionraí, go bhféadfaí é a dhéanamh gan moill mhíchuí. I gcásanna ina dtionscnaítear próiseas eisiaimh, le próiseas den sórt sin ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do phríomhdhéileálaithe freagairt d'fhógra neamhchomhlíonta arna chur in iúl ag an gCoimisiún, agus, i gcás inarb infheidhme, bearta ceartaitheacha a dhéanamh i gcásanna inar féidir neamhchomhlíonadh den sórt sin a cheartú.

(19) Agus an gá le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint á chur san áireamh, ba cheart rialacha faireacháin a bhunú chun comhlíontacht na gcomhaltaí de líonra an phríomhdhéileálaí leis na hoibleagáidí a leagtar amach faoin gCinneadh seo agus le forálacha ábhartha eile is infheidhme a áirithiú, go háirithe na téarmaí agus coinníollacha ginearálta. Ba cheart baint a bheith ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) leis an maoirseacht sin, i gcás inarb iomchuí.

(20) Le Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún, bunaíodh an líonra príomhdhéileálaithe agus sainíodh go háirithe critéir incháilitheachta maidir le roghnú a chomhaltaí. Le Cinneadh (AE) 2021/857 ón gCoimisiún ([8]) leasaíodh Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún agus leathnaíodh na critéir incháilitheachta trí ghnólachtaí infheistíochta áirithe atá údaraithe chun gníomhaíochtaí frithgheallta ionstraimí airgeadais a dhéanamh a áireamh agus/nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn gealltanas daingean faoi Threoir 2014/65/AE ([9]). Cuireann an Cinneadh seo leis na prionsabail a bunaíodh leis na cinntí thuasluaite. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a chur in ionad Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625, agus ba cheart an cinneadh sin a aisghairm dá réir sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an gCinneadh seo, bunaítear líonra na bpríomhdhéileálaithe agus leagtar síos na critéir incháilitheachta agus na forálacha nós imeachta maidir le roghnú a chomhaltaí chomh maith le cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí sin.

2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéanann an Coimisiún thar ceann an Aontais agus Euratom, i gcás ina roghnaíonn an Coimisiún contrapháirtithe airgeadais príobháideacha.

([8]) Cinneadh (AE) 2021/857 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 a mhéid a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta áirithe a chuimsiú faoi réir na gcritéir incháilitheachta le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais (IO L 188, 28.5.2021, lch. 103).

([9]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) Téacs atá ábhartha maidir le (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ceant' próiseas eisiúna urrúis fiachais an Aontais agus Euratom bunaithe ar thairiscintí iomaíocha trí ardán ceantála ar an mbunmhargadh;

(2) ciallaíonn 'cláir iasachta' cláir an Aontais agus Euratom a bhaineann le gníomhaíochtaí iasachtaíochta ar na margaí airgeadais;

(3) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, mír 1 (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(4) ciallaíonn 'urrúis fiachais' nótaí agus/nó ionstraimí airgeadais gearrthéarmacha, amhail billí státchiste, chomh maith le haon ionstraim airgeadais eile, arna n-eisiúint ag an Aontas agus/nó ag Euratom;

(5) ciallaíonn 'gnólachtaí infheistíochta' gnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe 1, de Threoir 2014/65/AE;

(6) ciallaíonn 'ardán idirdhéileálaithe' ionad trádála leictreonach déileálaí go déileálaí, atá bunaithe san Aontas Eorpach, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (24) de Threoir (AE) 2014/65/AE, i gcás ina mbíonn príomhdhéileálaithe rannpháirteach mar chruthaitheoirí margaidh le haghaidh trádála sa mhargadh tánaisteach;

(7) ciallaíonn 'luachan' rátaí nó praghsanna tairisceana daingne nó iarrata a chuirtear ar ardáin idirdhéileálaithe, rud a fhágann go dtugtar idirbheart chun críche go huathoibríoch má tá rátaí nó praghsanna tairisceana nó iarrata comhfhreagracha curtha ar fáil ag rannpháirtí eile (leabhar orduithe teorann lárnach);

(8) ciallaíonn 'comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe' aon institiúid creidmheasa nó aon ghnólacht infheistíochta a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 4 agus a chuimsítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 15;

(9) ciallaíonn 'eisitheoir fornáisiúnta Eorpach' Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta nó an Banc Nordach Infheistíochta.

Airteagal 3

Bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe

Is éard a bheidh i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais ('líonra na bpríomhdhéileálaithe') grúpa d'institiúidí creidmheasa agus de ghnólachtaí infheistíochta atá incháilithe chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais seo a leanas de chuid an Choimisiúin:

(a) urrúis fiachais a láithriú ar na príomhmhargaí caipitil, go háirithe trí cheantanna agus idirbhearta sindeacáite;

(b) leachtacht urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur chun cinn ar na margaí airgeadais;

(c) comhairle chóir agus faisnéis margaidh a sholáthar don Choimisiún;

(d) láithriú urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur chun cinn agus a fhorbairt.

CAIBIDIL 2

COMHALTAS I LÍONRA NA bPRÍOMHDHÉILEÁLAITHE

Airteagal 4

Critéir incháilitheachta le haghaidh líonra na bpríomhdhéileálaithe

Institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na critéir seo a leanas, beidh siad incháilithe le haghaidh comhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe:

(a) má tá siad ina n-eintitis dhlíthiúla atá bunaithe agus a bhfuil a gceannoifig acu san Aontas nó i dtír de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch;

(b) má tá údarás inniúil de chuid an Aontais ag déanamh maoirseachta orthu agus má tá siad údaraithe chun an ghnóthaíocht a dhéanamh mar cheachtar díobh seo a leanas:

(i) institiúid creidmheasa i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]); nó

(ii) gnólacht infheistíochta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí frithgheallta ionstraimí airgeadais a dhéanamh nó ionstraimí airgeadais a láithriú ar bhonn ceangaltas daingean i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE; agus

(c) má tá siad ina gcomhaltaí de líonra príomhdhéileálaithe Eorpach ceannasach nó fornáisiúnta arna bhunú le bheith ina chontrapháirtí de chuid Ballstáit nó de chuid eisitheoir fornáisiúnta Eorpach. Chun críoch an Chinnidh seo, tuigfear gur ceann de na heintitis seo a leanas a bheidh i líonra príomhdhéileálaithe Eorpach ceannasach nó fornáisiúnta:

(i) líonra, grúpa nó córas eagraithe d'institiúidí airgeadais arna gceapadh ag eisitheoir ceannasach nó fornáisiúnta chun fónamh mar chontrapháirtí margaidh i gcreat bhainistiú an fhiachais phoiblí, a mbaineann a gcomhaltas de ghnáth le heisiúintí urrús fiachais phoiblí trí cheantanna;

(ii) sásra príomhdhéileála atá comhionann go substaintiúil leis an líonra, an grúpa nó an córas eagraithe dá dtagraítear i bpointe (i).

Airteagal 5

Gealltanais

1. Gabhfaidh comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe na gealltanais seo a leanas orthu féin:

(a) íosmheán ualaithe de 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas agus/nó Euratom ar ceant a cheannach ar bhonn leathbhliantúil i gcomhréir le cuid 1 d'Iarscríbhinn I;

(b) cloí leis an oibleagáid na méideanna a thrádáiltear ar urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a thuairisciú don Choimisiún go cruinn, go tráthúil agus go hiomlán ar bhonn míosúil de réir na formáide comhchuibhithe tuairiscithe maidir le trádáil ar mhargadh tánaisteach fiachais cheannasaigh na hEorpa arna bunú ag an bhFochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an Aontais Eorpaigh.

(c) cóip shínithe de 'Théarmaí agus coinníollacha ginearálta le haghaidh phríomhdhéileálaithe an Aontais Eorpaigh ('GTC') a chur isteach;

(d) a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú go ráithiúil ar na húdaruithe trádála a chuirfear ar fáil dá phearsanra trádála agus go mbeidh siad i bhfeidhm go bailí;

([10]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(e) cloí le cleachtais agus eitic an mhargaidh, go háirithe

(i) comhlíontacht a áirithiú leis na rialacha iompair agus na caighdeáin is airde i gcleachtais an mhargaidh is infheidhme maidir lena gcuid oibríochtaí i ngnó ioncaim sheasta in EUR;

(ii) cuirfidh príomhdhéileálaithe agus a máthaireintitis bearta i bhfeidhm a bhaineann le frithsciúradh airgid (AML) agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta (CTF) i gcomhréir leis na dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus Aontais is infheidhme.

(iii) tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra láithreach don Choimisiún faoi aon imeacht arna thionscnamh ina choinne ag údarás inniúil de chuid Ballstáit maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanann an príomhdhéileálaí mar institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta. Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra don Choimisiún faoi aon bheart nó aon chinneadh a ghlacfar mar thoradh ar na himeachtaí sin;

(iv) tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra don Choimisiún láithreach má chiontaítear an príomhdhéileálaí nó a mháthaireintiteas i gcúiseamh coiriúil, lena n-áirítear imghabháil cánach, nó má tá sé faoi réir smachtbhannaí riaracháin nó araíonachta, nó má chuirtear ar fionraí é nó má eisiatar é ó eagraíocht tionscail in aon Bhallstát;

(v) Má shainaithníonn údarás inniúil de chuid Ballstáit aon easnamh AML nó CTF nó má fhorchuireann sé aon smachtbhanna AML nó CTF, tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra don Choimisiún láithreach agus tabharfaidh siad tuairisc faoina mbearta feabhais;

(vi) Áiritheoidh an príomhdhéileálaí nach ndéanfaidh sé idirbhearta a thabhairt i gcrích a bhaineann le hurrúis fiachais de chuid an Aontais agus Euratom, lena mbainfeadh aon chontrapháirtí atá ionchorpraithe nó bunaithe i dtír a áirítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach nó a shainaithnítear mar thríú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) Uimh. 2015/849 agus a liostaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach de chuid an Aontais nó atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise nó a sháraíonn córais smachtbhannaí, go háirithe bearta sriantacha faoi Airteagal 215 CFAE.

(f) déileáil faoi rún leis an bhfaisnéis uile a fhaightear ón gCoimisiún.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), déanfar measúnú rialta ar cháilíocht an tuairiscithe agus tabharfar fógra faoi na torthaí don phríomhdhéileálaí leasmhar. Cuirfear in iúl don phríomhdhéileálaí mura bhfuil na sonraí a sholáthraítear cruinn

3. Chun críocha na chéad míre 1, pointe (e), maidir le hullmhacht, neodracht margaidh agus cur i bhfeidhm ordúil agus éifeachtúil, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar iompar na bpríomhdhéileálaithe le linn idirbhearta sindeacáite agus oibríochtaí bainistíochta fiachais eile a bheith á ndéanamh.

Airteagal 6

Téarmaí agus coinníollacha ginearálta

1. Beidh feidhm ag GTC maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéanann an Coimisiún faoi na cláir iasachtaíochta faoin gCinneadh seo.

2. Déanfar an méid seo a leanas le GTC, i gcomhréir leis an gCinneadh seo:

(a) mionsonraí na n-oibleagáidí a bhunú ar feadh ré na rannpháirtíochta i líonra na bpríomhdhéileálaithe agus mionsonraí na gcritéar incháilitheachta do phríomhshainorduithe agus do chomh-shainorduithe;

(b) inneachar agus nós imeachta an athbhreithnithe bhliantúil a leagan síos;

(c) rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe a leagan síos;

(d) rialacha a bhunú maidir le rialuithe;

(e) sonraí na rialacha agus an nós imeachta a bhunú maidir le comhaltas a chur ar fionraí, maidir leis an bhfionraí sin a bhaint, agus maidir le heisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe; agus

(f) an fhéidearthacht tarraingt siar as líonra na bpríomhdhéileálaithe a rialáil;

(g) na rialacha mionsonraithe a leagan síos le haghaidh na socruithe luachana, lena n-áirítear an tréimhse bhreathnóireachta agus na ceanglais agus an próiseas chun ardán idirdhéileálaithe a aithint;

3. Déanfar aon teorainn ama a ríomh mar seo a leanas:

(a) i gcás ina sloinntear teorainn ama i laethanta nó i míonna ó dháta nó ó theagmhas áirithe, níl an lá ar a dtiteann an dáta sin nó ar a dtarlaíonn an teagmhas sin nó an mhí ina bhfuil an dáta sin nó ina dtarlaíonn an teagmhas sin le háireamh mar lá nó mí laistigh den teorainn ama;

(b) laethanta gnó amháin a bheidh sna teorainneacha ama arna sloinneadh i laethanta. Tá laethanta gnó le cinneadh i gcomhréir le féilire na laethanta saoire poiblí agus bainc i Lucsamburg (https://www.abbl.lu/fr/topic/bank-holidays/);

(c) tá an teorainn ama a shloinntear i míonna le teacht chun deiridh nuair a rachaidh an lá sa mhí dheiridh in éag a chomhfhreagraíonn don lá céanna ar ar thit an dáta nó ar ar tharla an teagmhas ónar ríomhadh an teorainn ama.

(d) más rud é, i dteorainn ama a shloinntear i míonna, nach lá sa mhí dheiridh é an lá ar ar cheart don tréimhse críochnú, tá an teorainn ama teacht chun deiridh nuair a thiocfaidh deireadh le lá deiridh na míosa sin;

(e) má théann am a shloinntear i míonna in éag ar lá saoire poiblí nó bainc, tá an t-am le síneadh go dtí deireadh an chéad lae gnó ina dhiaidh sin.

Airteagal 7

Cearta na gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe

Beidh na cearta seo a leanas ag comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe:

(a) iad féin a fhógairt mar 'Chomhalta de Líonra Príomhdhéileálaithe an Aontais Eorpaigh';

(b) páirt a ghlacadh agus tairiscint a dhéanamh in aon cheant ar urrúis fiachais de chuid an Aontais nó Euratom;

(c) aiseolas maidir lena bhfeidhmíocht a fháil ar bhonn rialta, uair sa bhliain ar a laghad, go háirithe i ndáil lena rangú sna ceantanna agus sna margaí tánaisteacha; beidh an t-aiseolas sin bunaithe ar an bpróiseas meastóireachta inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 13 le critéir oibiachtúla atá le cur in iúl do na príomhdhéileálaithe;

(d) gan dochar do Chaibidil 3, a bheith incháilithe le haghaidh oibríochtaí bainistíochta fiachais, lena n-áirítear na hoibríochtaí seo a leanas:

(i) láithrithe príobháideacha;

(ii) idirbhearta athcheannaigh mar a shainítear in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]);

(iii) babhtálacha mar a shainítear i Roinn 1, pointe 10, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ([12]).

([11]) Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1)

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229)

(e) éirí as a chomhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe tráth ar bith trí fhógra a thabhairt don Choimisiún ina leith; gabhfaidh éifeacht leis an éirí as sin ar an gcéad lá gnó den chéad mhí tar éis dháta an fhógra.

CAIBIDIL 3

PRÍOMHSHAINORDUITHE AGUS COMH-PHRÍOMHSHAINORDUITHE LE hAGHAIDH IDIRBHEARTA SINDEACÁITE

Airteagal 8

Critéir incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite

Tá comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe incháilithe le feidhmiú mar phríomhbhainisteoirí i gcomhair idirbhearta sindeacáite, faoi réir chomhlíonadh na gcritéar seo a leanas:

(a) i gcás inar cheannaigh siad sciar íosta de na méideanna arna gceantáil ag an Aontas agus Euratom, ar mheán ualaithe bunaithe ar na ceantanna deireanacha ar bhonn leanúnach;

(b) i gcás ina bhfuil siad tar éis fianaise a sholáthar, bunaithe ar na sonraí idirbheartaíochta arna dtuairisciú i gcomhréir leis an gCinneadh seo, go bhfuil sciar íosta den mhargadh ag príomhdhéileálaithe in urrúis fiachais de chuid an Aontais agus Euratom ar na margaí tánaisteacha ar bhonn leanúnach;

(c) tar éis dóibh íoscheanglais na socruithe luachana a chomhlíonadh le linn na tréimhse breathnóireachta;

(d) tar éis comhaontú a dhéanamh, mar chuid den GTC, leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta le haghaidh sainorduithe d'idirbhearta sindeacáite agus leis an sceideal táillí.

Na sciartha íosta dá dtagraítear sa chéad mhír, pointí (a) agus (b), na híoscheanglais dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (c), chomh maith le rialacha mionsonraithe eile le haghaidh sainorduithe, beidh siad bunaithe ar dhea-chleachtais margaidh, go háirithe i gcás piar-eisitheoirí, agus léireofar leo cothromaíocht na sochar agus na n-oibleagáidí do chomhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe. I gcás ina n-áirítear scaireanna coibhneasta sa chritéar, cuirfear líon iomlán na bpríomhdhéileálaithe san áireamh sna céatadáin.

Airteagal 9

Critéir incháilitheachta le haghaidh comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite

Tá comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe incháilithe le feidhmiú mar chomh-phríomhbhainisteoirí i gcomhair idirbhearta sindeacáite, faoi réir chomhlíonadh na gcritéar seo a leanas:

(a) tar éis comhaontú a dhéanamh, mar chuid den GTC, leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta le haghaidh comh-phríomhshainorduithe d'idirbhearta sindeacáite agus leis an sceideal táillí;

(b) tar éis dóibh íoscheanglais na socruithe luachana a chomhlíonadh le linn na tréimhse breathnóireachta; agus

(c) gan an príomh-shainordú a bheith bronnta orthu le linn na tréimhse breathnóireachta.

Na híoscheanglais dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b) agus an tréimhse bhreathnóireachta dá dtagraítear sa chéad mhír, pointí (a) agus (c), chomh maith le rialacha mionsonraithe eile le haghaidh príomh-shainorduithe, beidh siad bunaithe ar dhea-chleachtais margaidh, lena n-áirítear dea-chleachtais piar-eisitheoirí, agus léireofar leo cothromaíocht na sochar agus na n-oibleagáidí do chomhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe.

Airteagal 10

Sceideal na dtáillí

Beidh feidhm ag sceideal na dtáillí dá dtagraítear in Airteagal 8, an chéad mhír, pointe (d) agus in Airteagal 9, pointe (a) maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais. Le sceideal na dtáillí bunófar luach saothair a bheidh i gcomhréir leis na costais agus na rioscaí a thabhaíonn na príomhdhéileálaithe incháilithe agus oibríochtaí iasachtaíochta

agus bainistíochta fiachais de chuid an Aontais agus Euratom á gcur i gcrích, agus cost-éifeachtúlacht á háirithiú don Aontas an tráth céanna agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí maidir le heisiúint fiachais de chuid an Aontais, go háirithe méideanna agus aibíochtaí. Déanfar tagairt do sceideal na dtáillí in iarscríbhinn a ghabhann leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite.

Airteagal 11

Socruithe luachana

Tagróidh íoscheanglais na socruithe luachana dá dtagraítear faoi Airteagal 8, an chéad mhír, pointe (c) agus Airteagal 9, an chéad mhír, pointe (b), d'am trádála, an líon luachana agus raonta difríochta a luaitear le haghaidh urrúis fiachais shonraithe de chuid an Aontais agus ar ardán aitheanta idirdhéileálaithe le linn na tréimhse breathnóireachta.

Airteagal 12

Gealltanais bhreise le haghaidh príomh-shainorduithe

Maidir le comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 8, féadfar sainordú a thabhairt dóibh mar phríomhbhainisteoir le haghaidh idirbhearta sindeacáite ar bhonn an mheasúnaithe ar a dtiomantas aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) ar bhonn na hiarrachta is fearr, leachtacht urrús fiachais de chuid an Aontais agus Euratom a chur chun cinn le gníomhaíocht cruthaithe margaidh, ag cur, ar an gcaoi sin, le praghas-aimsiú, le héifeachtúlacht an mhargaidh thánaistigh agus le cur i gcrích ordúil trádála;

(b) comhairle agus faisnéis mhargaidh chothrom a chur ar fáil don Choimisiún d'fhonn na cláir iasachtaíochta a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus, go háirithe, comhairle a chur ar fáil sula bhfoilseofar an clár cistithe agus i gcomhthéacs ullmhú na n-idirbheart bainistíochta fiachais faoi na cláir iasachtaíochta;

(c) faisnéis a chur ar fáil go rialta don Choimisiún maidir le treochtaí an mhargaidh, le hanailís agus taighde ar fheidhmiú na margaí ioncaim sheasta agus, go háirithe, leis na ranna ceannasacha agus fornáisiúnta agus na gníomhaireachtaí;

(d) láithriú urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh de phobal éagsúlaithe leathan infheisteoirí mar chuid dá straitéis ghnó.

Airteagal 13

Roghnú na sindeacáite

1. Roghnófar sindeacáití de bhun Chaibidil 1, Roinn 2, pointe 11.1, pointe (j), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 i nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.

2. Seolfaidh an Coimisiún na hiarrataí ar thograí chuig foghrúpa de chomhaltaí incháilithe de líonra na bpríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagail 8 agus 12, agus tairiscint á sireadh ar rannpháirtíocht mar phríomhbhainisteoirí.

3. Roghnú an fhoghrúpa de phríomhdhéileálaithe incháilithe a ndéanfaidh an Coimisiún an iarraidh ar thograí a sheoladh chucu, bunófar é ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla oibiachtúla, a bhaineann le cumas cruthaithe na bpríomhdhéileálaithe incháilithe tacú le heisiúint cheannasach agus fhornáisiúnta i mbunmhargaí agus i margaí tánaisteacha, agus a gcumas urrúis fiachais a dháileadh ar infheisteoirí. Áireofar sna critéir sin freisin measúnú ar fheidhmíocht na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 12. Cuirfidh an Coimisiún critéar uainíochta chun feidhme chun a áirithiú go n-iarrfar go rialta ar na comhaltaí incháilithe uile de líonra na bpríomhdhéileálaithe freagairt ar iarrataí ar thograí.

4. Déanfar na tograí a gheofar ó na comhaltaí incháilithe dá dtagraítear i mír 2 a mheas ar bhonn sraith bhreise de chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla oibiachtúla agus i bhfianaise bunú sindeacáite, arb é a chomhdhéanamh an teaglaim is fearr bainisteoirí is féidir chun idirbheart ar leith a chur i gcrích ar an mbealach is fearr.

5. Na critéir maidir le hiarrataí ar thograí a tharchur agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na tograí a gheofar, cuirfear in iúl iad d'fhoghrúpa chomhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe mar aon leis an iarraidh ar thograí.

6. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do phríomhdhéileálaithe a spéis a léiriú i sainordú mar chomh-phríomhbhainisteoirí d'idirbheart sindeacáite, chomh maith le príomhbhainisteoir comhpháirteach nó comhbhainisteoirí, bunaithe ar imthosca an mhargaidh agus d'fhonn feidhmíocht optamach idirbhirt ar leith a áirithiú. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do gach príomhdhéileálaí atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 8 nó d'fhoghrúpa díobh bunaithe ar ord aibítre agus ar shásra uainíochta. Breithneofar ar chuireadh den sórt sin maidir le hidirbhreart sindeacáitithe amháin ar a laghad laistigh den tréimhse a chumhdaítear le plean cistiúcháin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún.

7. Bronnfaidh an Coimisiún sainordú mar chomh-phríomhbhainisteoirí ar na príomhdhéileálaithe uile a ghlac leis an gcuireadh dá dtagraítear i mír 6.

CAIBIDIL 4

IARRATAS AR CHOMHALTAS AGUS BUNÚ AN LIOSTA DE CHOMHALTAÍ LÍONRA NA bPRÍOMHDHÉILEÁLAITHE AGUS FAIREACHÁN

Airteagal 14

Iarratas ar chomhaltas agus liosta na bpríomhdhéileálaithe

1. Cuirfidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta leasmhara iarratas ar chomhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin an fhoirm iarratais agus an seicliosta atá i gceangal maidir leis na critéir iontrála atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a líonadh agus a chur isteach.

2. Áireofar cruthúnas go bhfuil Airteagail 4 agus 5 á gcomhlíonadh in iarratais ar iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe. Tá an fhianaise agus na doiciméid tacaíochta atá le cur isteach mionsonraithe san fhoirm iarratais agus sna hiarscríbhinní a ghabhann léi.

3. I gcás foirm iarratais neamhiomlán, faisnéis neamhiomlán nó sonraí neamhleora, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá a chur isteach. Mura gcuirtear an fhaisnéis bhreise riachtanach ar fáil laistigh de sprioc-am sonraithe, diúltófar an fhoirm iarratais.

4. Má sholáthraítear faisnéis nó doiciméid atá bréagach, míthreorach nó mícheart le linn an phróisis iarratais, ní cheadófar iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe nó, de réir mar a bheidh, b'fhéidir go mbeadh eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe mar thoradh air i gcomhréir le hAirteagal 17.

5. San fhoirm iarratais, dearbhóidh gach príomhdhéileálaí go nglacann sé le GTC, agus ar an gcaoi sin admhóidh sé nádúr ceangailteach GTC agus a ghealltanas iad a urramú.

6. Síneoidh ionadaí cuí-údaraithe de chuid an phríomhdhéileálaí an fhoirm iarratais agus GTC agus déanfaidh sé GTC a inisealacha ar gach leathanach freisin, ionadaí ar ionadaí é atá de chumhacht aige, bunaithe ar na dlíthe is infheidhme de chuid na dlínse ábhartha agus ar na doiciméid chorparáideacha ábhartha, gealltanas a thabhairt go bailí thar ceann an phríomhdhéileálaí sin chun críoch chomhlíonadh na n-oibleagáidí agus na ngníomhaíochtaí faoi GTC. Chun na críche sin, soláthrófar sliocht as clár ábhartha na gcuideachtaí nuair a bheidh an fhoirm iarratais á cur isteach.

7. Seolfar aon chumarsáid, aon fhógra nó aon fhaisnéis a bhaineann leis an gCinneadh seo agus le GTC chuig seoladh an fhógra arna thoghadh ag na príomhdhéileálaithe san fhoirm iarratais dá gcuid agus díreofar iad ar an duine a ainmnítear san fhoirm iarratais mar 'chomhordaitheoir'.

Airteagal 15

Iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe

1. Laistigh de 2 mhí, ar a dhéanaí, ó thíolacadh an iarratais ábhartha a ghlacfar an cinneadh maidir leis an iarratasóir a áireamh ar liosta na bpríomhdhéileálaithe. Má iarrtar ar iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 14, déanfar an teorainn ama maidir le cinneadh a bhaineann leis an iarratasóir sin a chur ar fionraí go dtí an dáta a gcuirfear isteach an fhaisnéis bhreise sin. Má chuireann an t-iarratasóir in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, glacfar an cinneadh laistigh de 2 mhí. Cuirfear an cinneadh in iúl don iarratasóir.

2. Luafar sa chinneadh maidir le neamhiontráil na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe.

3. Déanfar liosta nuashonraithe de chomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a fhoilsiú uair sa bhliain in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Chun an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh, iarrfar ar na príomhdhéileálaithe ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún agus dearbhú a thabhairt dó go gcomhlíonann siad fós na critéir incháilitheachta go léir maidir leis an gcomhaltas a leagtar síos in Airteagal 4.

Airteagal 16

Faireachán

Féadfaidh an Coimisiún fíoruithe a dhéanamh, nó féadfaidh sé tríú páirtí a cheapadh chun iad a dhéanamh, chun comhlíonadh an Chinnidh seo ag comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a sheiceáil. Comhoibreoidh comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe leis na fíoruithe sin agus éascóidh siad a n-iompar, go háirithe tríd an bhfaisnéis agus na sonraí is gá a chur ar fáil chomh maith le rochtain orthu.

Déanfaidh gach comhalta de líonra na bpríomhdhéileálaithe na nithe seo a leanas:

(a) an teorainn riosca a leagtar síos do ghníomhaíocht trádála urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a sholáthar don Choimisiún i gcomhréir le GTC;

(b) fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le haon íosghrádú ó ghníomhaireachtaí rátála san Aontas atá aitheanta ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí;

(c) fógra a thabhairt don Choimisiún láithreach maidir le haon neamhchomhlíonadh sáraitheach i ndáil le haon chritéar incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 4.

Trí ghlacadh le GTC, tugann an príomhdhéileálaí toiliú d'iniúchtaí agus d'fhíorú a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na sonraí a tharchuirtear chuig an gCoimisiún faoi chuimsiú a chuid oibleagáidí tuairiscithe, go háirithe maidir leis na sonraí a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar a fheidhmíocht ar an margadh tánaisteach.

Airteagal 17

Fionraí agus eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe

1. Is féidir comhaltas an phríomhdhéileálaí i líonra na bpríomhdhéileálaithe a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) imeachtaí a thionscnamh i gcoinne príomhdhéileálaí dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 1, pointe (e)(iii);

(b) i gcás ina ndéantar nós imeachta a thionscnamh, a bhféadfadh scor comhaltais sa líonra nó an sásra dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (c) a bheith mar thoradh air;

(c) i gcás ina bhfuil bonn le príomhdhéileálaí a eisiamh de bhun Airteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

Iarrfar le fógra réamhfhionraithe ar phríomhdhéileálaí a bharúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama nach lú ná 3 lá ón bhfógra a fháil, ach amháin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a bhaineann le riosca clú. Tiocfaidh an cinneadh maidir le fionraí i bhfeidhm an chéad lá gnó tar éis dháta an fhógra don phríomhdhéileálaí neamh-chomhlíontach. Ní bhfaighidh príomhdhéileálaithe atá ar fionraí príomh-shainorduithe ná comh-shainorduithe ar feadh thréimhse a bhfionraithe.

Féadfar an fionraí a bhaint arna hiarraidh sin ón bpríomhdhéileálaí atá ar fionraí. Mar aon leis an iarraidh, cuirfidh an príomhdhéileálaí fianaise leordhóthanach isteach, de réir mar is infheidhme, nach bhfuil na himeachtaí dá dtagraítear faoin gcéad mhír, pointe (a) den chéad fhomhír ar feitheamh a thuilleadh ná nár eascair smachtbhanna de chineál ar bith astu i gcoinne an déileálaí ar fionraí nó nach bhfuil an nós imeachta dá dtagraítear faoin gcéad mhír, pointe (b) den chéad fhomhír ar feitheamh a thuilleadh ná nár eascair scor comhaltais sa líonra ná sa sásra dá dtagraítear in Airteagal 4 pointe (c) as. Déanfar an fhianaise a cuireadh i láthair a mheasúnú agus déanfar cinneadh laistigh de 15 lá oibre ón tráth a fhaightear an iarraidh, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach curtha ar fáil.

2. Déanfar príomhdhéileálaí a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach gcomhlíonann príomhdhéileálaí aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) i gcás ina ndéantar príomhdhéileálaí a eisiamh de bhun Airteagail 135 go 142 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

(c) neamhchomhlíonadh oibleagáidí a leagtar síos faoi phointe (a) agus faoi phointe (c) d'Airteagal 5.

3. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir leis an eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe i gcásanna a leagtar síos faoi mhír 2:

(a) iarrfar le fógra réamheisiaimh ar an bpríomhdhéileálaí a bharúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama nach lú ná 7 lá ón dáta a bhfaighfear an fógra;

(b) cuirfear an cinneadh maidir le heisiamh in iúl don phríomhdhéileálaí. Gabhfaidh an cinneadh maidir le heisiamh éifeacht an chéad lá gnó tar éis dháta a fhógra don phríomhdhéileálaí eisiata.

4. Féadfar príomhdhéileálaí a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe sna cásanna seo a leanas:

(a) neamhchomhlíonadh oibleagáidí a leagtar síos faoi Airteagal 5, pointí (b), (d) (e) agus (f);

(b) gealltanas maidir le sárú dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), mar a cinneadh i gcinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag údarás inniúil ábhartha;

(c) cinneadh críochnaitheach arna dhéanamh ag an údarás inniúil mar thoradh ar aon imeacht dá dtagraítear faoi Airteagal 5, an chéad mhír pointe (e)(v), nó a bhaineann le dlíthe agus rialacháin AML agus CTF;

5. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir leis na cásanna a leagtar síos faoi mhír 4:

(a) Gheobhaidh an príomhdhéileálaí lena mbaineann fógra ina sonrófar na forais don neamhchomhlíonadh, iarraidh ar bharúlacha a chur isteach mar aon le bearta ceartaitheacha a bheartaíonn sé a dhéanamh chun na critéir agus/nó na hoibleagáidí ábhartha a athbhunú agus/nó chun comhlíonadh na gcritéar agus/nó na n-oibleagáidí ábhartha a áirithiú agus lena leagfar síos teorainn ama chun barúlacha a chur isteach nach lú ná 7 lá tar éis don phríomhdhéileálaí an fógra a fháil;

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

(b) Agus an bharúil a cuireadh isteach mar aon leis na bearta ceartaitheacha a cuireadh in iúl, más ann dóibh, á gcur san áireamh, féadfar cinneadh a dhéanamh an príomhdhéileálaí neamh-chomhlíontach a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe;

(c) Luafar sa chinneadh maidir le heisiamh na cúiseanna ar a bhfuil an t-eisiamh bunaithe;

(d) Gabhfaidh an cinneadh maidir le heisiamh éifeacht an chéad lá gnó tar éis dháta a fhógra don phríomhdhéileálaí eisiata.

6. Maidir le comhaltas a chur ar fionraí de bhun mhír 1, maidir le heisiamh ó chomhaltas de bhun mhíreanna 2 go 5 agus maidir le héirí as comhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe de bhun Airteagal 7, pointe (e), ní bheidh aon éifeacht acu ar chearta ná ar oibleagáidí an phríomhdhéileálaí lena mbaineann i ndáil le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an dáta éifeachtach maidir le heisiamh, fionraí nó éirí as, faoi seach.

7. Ní bheidh fionraí oibleagáidí faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 5 agus faoi Airteagal 16 i gceist leis an bhfionraí.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 18

Aisghairtear leis seo Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625ón gCoimisiún.

Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 19

Leanfaidh Airteagal 8(a) agus (b) de Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625 d'fheidhm a bheith acu maidir le hidirbhearta sindeacáite a thosóidh roimh an 1 Samhain 2023.

Beidh feidhm ag Airteagal 8, an chéad mhír, pointí (a) agus (b), Airteagal 9, an chéad mhír, pointí (a) agus (c) agus Airteagal 11 maidir le hidirbhearta sindeacáite a thosóidh ón 1 Samhain 2023;

Beidh feidhm ag Airteagal 8, an chéad mhír, pointe (c), Airteagal 9, an chéad mhír, pointe (b) agus Airteagal 13(6) agus (7) maidir le hidirbhearta sindeacáite a thosóidh ón 1 Iúil 2024.

Airteagal 20

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

1. **Comhlíonadh na hoibleagáide maidir le híosmheán ualaithe 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas agus/nó Euratom ar ceant a cheannach ar bhonn leathbhliantúil**

(a) Déanfar ceantanna trí chóras ceantála a oibreoidh soláthraí ceantála a roghnóidh an Coimisiún ('soláthraí ceantála').

(b) Glacfar páirt sna ceantanna agus ceannófar urrúis fiachais a cuireadh ar ceant i gcomhréir le rialacha ceantála arna socrú ag an soláthraí ceantála agus arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún. Beidh na príomhdhéileálaithe i bpáirt leis na rialacha ceantála agus comhlíonfaidh siad iad.

(c) Ba cheart do na príomhdhéileálaithe uile a thuiscint go nglacann siad páirt sna ceantanna ar a riosca féin agus nach mbeidh an Coimisiún freagrach ar aon bhealach as cinntí aon rannpháirtí sna ceantanna agus go háirithe as aon chaillteanas, díreach nó indíreach, a thagann chun cinn i ndáil le haon idirbheart a dhéanann na rannpháirtithe sin.

(d) Glacfaidh na príomhdhéileálaithe gach beart chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa cheant, go háirithe, na conarthaí leis an soláthraí ceantála a thabhairt i gcrích, aon chéim nó foirmiúlacht is gá chun bheith rannpháirteach sna ceantanna a chur i gcrích, agus an bonneagar teicniúil chun bheith rannpháirteach iontu a bheith i bhfeidhm acu.

(e) Ní thabhóidh an Coimisiún aon chostas ná ní bheidh aon fhreagracht air i leith an phríomhdhéileálaí i ndáil leis na conarthaí idir an soláthraí ceantála agus an príomhdhéileálaí ná i ndáil leis an mbonneagar teicniúil le haghaidh an cheant.

(f) Ní scaoilfear príomhdhéileálaithe ó chomhlíonadh a n-oibleagáide faoi Airteagal 5(a) ach amháin i gcásanna force majeure, nach mbeidh cásanna mífheidhme ná saincheisteanna teicniúla a bhaineann leis an mbonneagar san áireamh leo go háirithe.

(g) Déanfar ríomh na méideanna arna gceannach ag príomhdhéileálaithe le linn na tréimhse ábhartha 6 mhí a ualú de réir an tábla seo a leanas:

Aibíocht iarmhair	< 3,5 mí	3,5 mí-1 bhliain	1 bhliain-4 bliana	4 bliana-8 mbliana	8 mbliana-12 bhliain	12 bhliain-17 mbliana	17 mbliana-23 bliana	> 23 bliana
Comhéifeacht	0,5	1	2,5	5,5	10	15	20	25

(h) Cuirfear an ríomh sin i bhfeidhm ar feadh tréimhsí 6 mhí, ó mhí Aibreáin go mhí Mheán Fómhair agus ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Mhárta. Beidh feidhm ag an tréimhse seo a leanas in 2023: ó Eanáir go Meitheamh agus ó Iúil go Márta na chéad tréimhse eile. Ní bheidh feidhm go sealadach ag Airteagal 5(a) den Chinneadh seo maidir le príomhdhéileálaithe a ligeadh isteach i líonra na bpríomhdhéileálaithe tar éis thús na tréimhse 6 mhí a shainítear i bpointe (h). Tosóidh feidhm de bheith aige ag deireadh na tréimhse 6 mhí i ndiaidh an dáta a ligfear isteach an príomhdhéileálaí sin i líonra na bpríomhdhéileálaithe.

2. **Oibleagáidí maidir le tuairisciú**

(a) Cuirfidh na príomhdhéileálaithe faisnéis isteach, arna iarraidh sin orthu, maidir leis an teorainn riosca atá leagtha síos ag an bpríomhdhéileálaí sin chun a shuíomh féin a bhainistiú, le haghaidh gníomhaíocht trádála urrúis fiachais an Aontais agus Euratom, chomh maith le faisnéis maidir leis an méid a úsáidtear an teorainn riosca. Sonrófar san iarraidh an fhaisnéis atá le cur isteach.

(b) Tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra láithreach don Choimisiún i gcás ina mbeidh sé faoi réir uasghráduithe nó íosghráduithe rátála ag ceann de na gníomhaireachtaí rátála seachtracha atá sainaitheanta ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 18 (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).

(c) Tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra gan mhoill don Choimisiún faoi neamhchomhlíonadh aon chritéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 4.

(d) Cuirfidh na príomhdhéileálaithe aon athrú ar na sonraí teagmhála a cuireadh in iúl tríd an bhfoirm iarratais faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as an teimpléad a ghabhann leis an bhfoirm iarratais laistigh de dhá sheachtain ón dáta a tháinig an t-athrú i bhfeidhm.

(e) Cuirfidh na príomhdhéileálaithe faoi bhráid an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis is ábhartha i dtaca lena ngníomhaíochtaí mar phríomhdhéileálaithe a fhorghníomhú, go háirithe faisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí sa bhunmhargadh agus sa mhargadh tánaisteach a bhaineann le hurrúis fiachais an Aontais agus Euratom.

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Tábla comhghaoil	
Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 an 14 Aibreán 2021	An Cinneadh seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6	Airteagal 6
Airteagal 7	Airteagal 7
Airteagal 8	Airteagal 8
Airteagal 9	Airteagal 10
Airteagal 10	Airteagal 12
Airteagal 11	Airteagal 13
Airteagal 12	Airteagal 14
Airteagal 13	Airteagal 15
Airteagal 14	Airteagal 16
Airteagal 15	Airteagal 17
Airteagal 16	Airteagail 18 agus 19
Airteagal 17	Airteagal 20